Tá a fhios go maith ag na pobail de chuid an lucht oibre nach bhfuil ag éirí leis na Gardaí lena gcuid pobal a dhéanamh slán. Tá fearg ar chuid mhór daoine sna pobail seo leis an teip chun freagairt go héifeachtach ar ghéarchéimeanna áitiúla méadaithe agus míroinnt d’acmhainní Gardaí.

Gheall Comhaontú Aoine an Chéasta seirbhís nua phóilíneachta do na Sé Chontae a bheadh “neamhchlaon, ionadaíoch, saor ó rialú páirtíneach polaitiúil, éifeachtúil, insilte le cultúr ceart daonna, díláraithe agus freagrach go daonlathach ar gach leibhéal.” Baineann moltaí an Choimisiúin Patten do phóilíneacht thodhchaí le cruthú de phóilíneacht shaoránach phobalbhunaithe a bhfuil cearta daonna mar chroí inti, a bheidh freagrach trí hinstiúidí daonlathacha agus ionadaíoch don phobal ar a ndéanfaidh sí freastal. Creidimid go bhfuil a leithéid seo de sheirbhíse tuillte ag saoránaigh an stáit seo. Mar a chreidimid i dtiomantas Chomhaontú Aoine an Chéasta do chomhionannas dlínse i gcomhionannas agus i gcosanta ceart daonna, caithfidh leasú póilíneachta “réiteach le chéile” agus Moltaí Patten a úsáid mar theimpléad chun íoschaighdeán a bhaint amach.

Dhíbh an tAire Dlí agus Cirt Patten a bheith neamhábharthach mar eiseamláir cionn is gur forbraíodh í chun déileáil le staid ar leith choimhlinte. Ach níl sé sin áititheach. Aithnítear Moltaí Patten anois ar bhonn idirnáisiúnta a bheith ag ionadú an tsárchleachtaidh.

Caithfidh pacáiste cuimsitheach ar leasú na nGardaí tacú leis na Gardaí ina bhforás i dtreo seirbhíse sárchleachtaidh, seirbhís a leagfaidh an caighdeán amach go domhanda do phóilíneacht éifeachtach, éifeachtúil agus fhreagrach a bhfuil cearta daonna mar chroí inti - seirbhís phóilíneachta a bhfuil leibhéal gan réamhshampla de mhuinín, thacaíocht agus chomhoibriú pobail aici. Sin í ár bhfís. Sin í an tseirbhís phóilíneachta a ba mhian le Sinn Féin a réalú do bhunadh an Stáit seo.

De réir seo, molann Sinn Féin na heochairmhiosúir chomhshnaidhmeacha seo a leanas le haghaidh pacáiste leasaithe:

- **Bunú d’Ombudsman Garda neamhspleách**
- **Bunú de Bhord Póilíneachta Saoránach**
- **Bunú de Pháirtíochtaí Póilíneachta Pobail ar leibhéal Dúiche Garda**

Cé go gcuirimid fáilte roimh an deis seo a ghlacadh chun an moladh seo a dhéanamh, tá sé doghlactha ar fad nach ndeachaigh an tAire i mbun próisis cheart chomhairliúcháin ar ábhar a bhfuil suim mhór phoiblí ann. Ní cóir go gcaillfí an deis seo.

Molann Sinn Féin go réachtálann an Roinn próiseas ceart comhairliúcháin leis an phobal ar an cheist a bheadh le feiceáil sa phacáiste deiridh leasaithe. Caithfidh an comhairliúchán poiblí bheith cuimsitheach agus uileghabhálach le sraith fhóram leis an phobal áitiúil ina mbeidh grúpaí pobail, ionadaithe ó hearnálacha imeallaithe de shochaí na hÉireann agus leo siúd a bhfuil “teagmháil ard” acu agus/ nó riachtanais speisialta acu ó thaobh seirbhísí póilíneachta de.

Eiteos um Chearta Daonna

Is féidir agus ba chóir go mbeidh páirt dhearfach ag póilíneacht i gcosaint agus i gcur chun cinn ceart daonna.

Ní amháin go bhfuil oiliúint cheart daonna agus uas-scileáil thréimhsiúil ag teastáil ó phóilíneacht ach tá eiteos forleatach um chearta daonna ag teastáil freisin atá buntacaithe le cód ar leith iompair de réir caighdeán idirnáisiúnta agus atá frithchaiteach ar fhealsúnacht cheart daonnabhunaithe de phóilíneacht.

Caithfidh an deis seo le haghaidh leasaithe Garda a chinntiú go bhfuil an tseirbhís thodhchaí phóilíneachta ag aontú go hiomlán le hionstraimí ábharthacha idirnáisiúnta mar aon le treoirlínte sárchleachtaidh agus cóid iompair de chuid na NA agus an AE.

Cuirimid fáilte roimh na céimeanna a glacadh go dtí seo mar thús chun feasacht agus géilleadh cheart daonna a fhairsingiú laistigh den Gharda agus bunú de Thionscnamh Cheart Daonna an Gharda san áireamh mar aon leis an Dearbhú athbhreithnithe um Chaighdeáin Eiticiúla agus Luachanna Gairmiúla, an t-iniúchadh neamhspleách ceart daonna a d’údaraigh

an tAire agus gníomhaíocht an Aire chun oiliúint cheart daonna a ofráil do na Gardaí uile agus Gardaí seirbhíseacha san áireamh.

Tá Sinn Féin ag moladh gur cóir go mbeadh an tiomantas do chur chun cinn agus chosaint cheart daonna léirithe sa reachtaíocht bheartaithe mar luach lárnach agus go dtabharfaí aird chothrom dó mar a thugtar d’ábhair eile mar “éifeachtúlacht agus geilleagar”.

Ba chóir go ndéanfaí athbhreithniú ar dhréacht-reachtaíocht an Aire chun an eiteos seo um cheart daonna a léiriú, go háirithe sna Ceannteidil ar fheidhmeanna agus rialacháin an Gharda Síochána (3(3) agus 6(1)), ar fheidhmeanna an Choimisinéara (10(3)) agus ar Fhianú Garda (15), ábhair uile ar chóir dóibh tagairt a dhéanamh don dualgas chun cearta daonna a chosaint agus a chur chun cinn.

Tá cur le chéile na meicníochtaí cearta gearán agus freagrachta de chuid an Gharda bunúsach i gcinntiú go bhfuil an cultúr de shairse ó phionós imithe as an sochaí ar fad agus cultúr de ghéilleadh iomlán ceart daonna curtha ina áit. Déanann moltaí Shinn Féin ar Ombudsman neamhspleách Garda freastal ar an riachtanas seo (thíos).

Eiteos Seirbhíse agus Comhpháirtíochta

Chuir an Coimisiún Patten béim cheart ar an ábhar gurb é an pobal “caomhnóir deiridh” na seirbhísí póilíneachta. De réir seo, mhol Patten coincheap rialaithe de “póilíneacht LEIS an phobal” a bheadh mar fheidhm lárnach na seirbhíse póilíneachta - ar leibhéal gach stáisiún póilíní agus gach ball seirbhíseach.

Tá Sinn Féin ag moladh cur chuige comhpháirtíochta idir na póilíní agus an pobal. Ciallaíonn sé seo go nglacann na póilíní páirt sa phobal agus go bhfreastalaíonn siad ar riachtanais an phobail sin agus go nglacann an pobal páirt sa phóilíneacht agus go dtugann siad tacaíocht do na póilíní. Thig leo fadhbanna a réiteach le chéile ar bhonn níos éifeachtaí.

Tá sé tugtha faoi deara go bhfuil an Garda Síochána ag bogadh go seasta ar shiúl ón choincheap atá luaite ina dteideal - “An Garda Síochána” ó na seachtóidí agus ón bhéim s’acu ar sheirbhís an phobail agus i dtreo iomarca béime ar shlándáil. Mar thoradh air seo d’éirigh na pobail i gcuid mhaith ceantar scartha ó na Gardaí. Ar an drochuair tá an cur chuige as dáta slándáilbhunaithe seo léirithe fosta i moltaí an Aire. Tá seirbhís pobail agus atreoshuíomh comhpháirtíochta de dhíth má tá muinín sa Gharda le bheith athbhunaithe agus méadaithe. Tá an acmhainneacht ag a leithéid seo de chur chuige a chur go mór le comhoibriú méadaithe pobail agus le héifeachtacht an Gharda dá réir.

Ba chóir go gcuideodh reachtaíocht leasaithe an Gharda le forás póilíneachta an 21ú céid mar sheirbhís in ionad “fórsa” - seirbhís atá go hiomlán freagrach agus stiúrtha ag eiteos seirbhíse agus páirtíochta pobail.

Ba chóir go ndéanfaí athbhreithniú ar dhréacht-reachtaíocht an Aire chun an eiteos seirbhíse agus páirtíochta seo a léiriú go háirithe sna moltaí ar fheidhmeanna agus ar dháileadh an Gharda (Ceannteideal 6 agus 7), feidhmeanna an Choimisinéara (10), ceapacháin Choimisinéara, Leas-Choimisinéirí agus Choimisinéirí Cúnta agus Cheannfort (9, 13 agus 14), leagadh amach tosaíochtaí ag an Aire (18), Plean Straitéiseach Póilíneachta (19), Plean Bliantúil Póilíneachta (20), Soláthar Faisnéise (28) agus ag fáil dearcadh an phobail (24), faoi Chuid 2 ar Fheidhmíocht agus Fhreagracht an Gharda Síochána.

Déanann moltaí an Aire iarracht mhór chun an caidreamh a shoiléiriú idir an tAire agus Coimisinéir na nGardaí, idir an t-Oireachtas agus Coimisinéir na nGardaí agus idir na húdaráis áitiúla agus an Garda áitiúil. Cé gur ní fáilteach agus riachtanach é seo, tá lúb ar lár ag teastáil chun an caidreamh agus an fhreagracht a fhorhíniú idir an Coimisinéir agus an pobal agus idir an Cheannasaíocht Gharda agus an pobal a ndéanann siad freastal orthu. Tá sé de rún ag moltaí Shinn Féin chun Bord neamhspleách saoránach Póilíneachta agus Páirtíochtaí Póilíneachta Pobail (thíos) a bhunú le freastal ar an easnamh seo.

Ombudsman Garda

Molann Sinn Féin bunú d’Ombudsman neamhspleách Garda ar bhonn reachtúil chun mí-iompar Garda a imscrúdú. Cuirimid fáilte roimh an chomhdhearcaidh méadaithe gurb é Ombudsman amháin ar féidir leis meicníocht éifeachtach ghearán a chur ar fáil agus gurb é an t-aon duine amháin ar féidir leis muintín iomlán phobail a athbhunú.

De réir moltaí Choimisiún na hÉireann um Chearta Daonna, molann Sinn Féin gur cóir d’Ombudsman Garda a bheith:

- **Mar cheapachán oscailte fiúntasbhunaithe, roghnaithe ar bhonn an chritéir fhoilsithe**
- **Bunaithe neamhspleách ó chomhlacht ar bith a bhfuil feidhm Gharda acu nó a bhfuil sainordú acu chun éifeachtacht agus éifeachtúlacht Gharda a athbhreithniú**
- **Acmhainnithe go maith agus foireann lán-aimseartha soláthraithe**
- **Bronnta leis na cumhachtaí cuí dlíthiúla agus acmhainní chun imscrúduithe neamhspleácha a dhéanamh.**
- **Ceadaithe le réimse imscrúduithe a chuireann Aonad na mBleachtairí Speisialta san áireamh ach amháin nó go dtí go mbeidh sé scaipthe**
- **Údaraithe le finnaithe a cheistiú, nochtadh cáipéise a ordú agus rochtain a fháil ar láithreacha ar a thoil**
- **Bronnta leis na cumhachtaí céanna dlíthiúla leis na Gardaí chun amhrasáin a ghabháil agus a choinneáil i dtaca lena imscrúduithe féin**
- **Cumhachtaithe le sáráithe cód araíonachta an Gharda a shocrú (mí-iompar)**
- **Cumhachtaithe le fianaise choiriúlachta a**

chur faoi bhráid na Roinne um Ionchúiseamh Poiblí

- **Cumhachtaithe le gearáin cuí a réiteach go neamhfhoirmeálta le toiliú an ghearánaigh**
- **Cumhachtaithe le gearáin a réiteach go foirmeálta trí phionóis agus leighis a shannadh a chuirfidh san áireamh moladh le haghaidh gnímh araíonachta, díbhe, athruithe i bpolasaí nó i ngnáthamh nó le haghaidh cúitimh don ghearánach**
- **Cumhachtaithe le himscrúdú a dhéanamh ar fhadhbanna sistéamacha mar aon le polasaithe agus gnáthaimh agus moltaí ginearálta a dhéanamh do chúiseanna cinéal na ngearán; nuair atá socraithe ag an Ombudsman, ba chóir go gcuirfeadh seo cúrsaí slándála náisiúnta san áireamh**
- **Cumhachtaithe le himscrúduithe neamhspleácha a dhéanamh ar chúrsaí a bhfuil suim an phobail iontu, dá d(h)eoin féin nó ar iarratas an Aire, gan ghearánaigh a bheith ann - agus go mbeadh seo riachtanach i gcásanna ar leith de choilleadh ina bhfuil cailleadh beatha, forneart iomarcach, ainíde i gcoiméad, idirdhealú agus cur isteach polaitíochta**
- **Bronnta le cumhachtaí siarghabhálacha imscrúdaithe**
- **In ann Tuairisc Bhliantúil a chur le chéile le haghaidh foilsíocháin ina mbeidh staitisticí, nósanna agus patrúin aitheanta, anailísí agus moltaí**
- **Soláthraithe le meicníocht d’idirghníomhú éifeachtach, roinnt faisnéise agus imscrúdú comhoibritheach a ligeann don Ombudsman Garda agus don Ombudsman Póilíní do na sé chontae oibriú le chéile**

Caithfidh eolas ar bith a thagann ar fáil don Roinn

um Ionchúiteamh Poiblí a léiríonn mí-iompar Garda a bheith curtha faoi bhráid an Ombudsman Garda go huathoibríoch.

Ba chóir, ar ndóigh, go dtabharfaí cosaint iomlán de chearta dleachtacha próisis do Ghardaí atá faoi imscrúdú. Ba chóir go dtabharfaí cóireáil chothrom don dá pháirtí os comhair an dlí chomh maith le nochtadh iomlán agus rochtain ar chúnamh dlí i gcásanna ina bhfuil sé de dhíth agus tuillte go maith.

Rinne Coimisiún na hÉireann um Chearta Daonna an argóint go bhfuil an leasú seo riachtanach chun freagairt go sásúil ar cháineadh an chórais reatha ghearán agus ar na moltaí a ndéantar go rialta ag Coimisiún na NA um Chearta Daonna agus ag an Choiste Eorpach um Chosc ar Chéasadh le deich mbliana anuas, ach caithfidh sé bheith de réir dlí-eolaíocht na Cúirte Eorpaigh um Chearta Daonna ar chaighdeáin neamhspleáchais agus

neamhchlaontachta in imscrúdú mí-iompair phóilíní agus de réir soláthair Chomhaontú Aoine an Chéasta ar chomhchosanta cheart daonna idir dlínsí.

Téann tiomantais an Rialtais chun gnáthamh neamhspleách gearán a bhúnú siar go 1973. Ba chóir an cheist seo a réiteach gan mhoill.

Cé go gcuirimid fáilte roimh aitheantas an Rialtais go bhfuil Bord Gearán an Gharda go hiomlán easnamhach agus níl an cinneadh chun bord eile a chur ina áit, mar Fhoireann Chigireachta déchuspóireach a mhol an tAire, incurtha leis na riachtanais. Iarrann Sinn Féin ar an Aire a mholtaí a athbhreithniú agus a athmheas mar gheall ar an chomhdhearcadh atá ag teacht chun cinn i dtaca leis an riachtanas d’Oifig aonair neamhspleách Ombudsman Garda ag a bhfuil feidhm aonair imscrúdaithe.

Bord Póilíneachta

Molann Sinn Féin bunú de Bhord neamhspleách saoránach Póilíneachta ar bhonn reachtúil a bheidh cruthaithe mar aonán ar leith ón Gharda Síochána agus ó Oifig an Ombudsman Garda. Is é a bheidh mar aidhm ag an Bhord seo ná go mbeadh an Garda go hiomlán freagrach.

Bheadh an Bord Póilíneachta ag feidhmiú mar chomhlacht saoránach as a mbeadh Coimisinéir na nGardaí freagrach. Chomhlíonadh sé gné eile de shainchúram molta an Aire de “Fhoireann Chigireachta” - agus chuirfeadh sé maoirseacht bhainistíochta ar fáil ar ábhair mar earcaíocht, cháilíochtaí, chaighdeáin oiliúna, threalamh, lóistín, eagrá, mhodhanna agus mar shárcleachtadh.

Molann Sinn Féin gur cóir don Bhord Póilíneachta a bheith:

- **Neamhspleách ó Bhainistiú Garda**
- **Ionadaíoch: ina mbeidh 1/3 ionadaí tofa (de bhunús traspháirtí), 1/3 ionadaí ó chomhlachtaí stáit, agus 1/3 ionadaí ón earnáil phobail/dheonach - beidh 50% de mhná ar a laghad i ngach grúpa comhpháirteach agus cuirfear san áireamh an riachtanas le haghaidh foirmeacha eile d’ionadaithe sóisialta agus geilleagracha**
- **Roghnaíthe ag próiseas ceapachán atá trédhearcah, fiúntasbhunaithe agus neamhspleách ón Gharda agus le baill agus Cathaoirleach le bheith tofa ar an bhonn céanna leis an Ombudsman (ní thig le hionadaithe tofa tabhairt faoin Chathaoirleach)**
- **Cumhachtaithe le Gardaí sinsearacha a cheapadh ar bhonn próisis thrédhearcaí, a bhfeidhmíocht a athbhreithniú agus freagracht a fhágáil fúthu**
- **In ann bualadh le Coimisinéir na nGardaí go poiblí ar bhonn míosúil chun a thuairiscí a fháil ar bhainistíocht oibríochtúil**
- **Cumhachtaithe le gach sórt eolais a fháil agus a**

iarraidh ó Choimisinéir na nGardaí (má tá sé do leas an phobail go gcoinnítear a leithéid seo d’eolas faoi rún, reáchtálfar seisiúin in-cheamara chun déileáil le cúrsaí ar leith don chuspóir seo

- **Cumhachtaithe le tuairisc a iarraidh ó Choimisinéir na nGardaí ar ábhar ar bith a bhaineann le póilíneacht**
- **Cumhachtaithe le cuspóirí agus tosaíochtaí straitéiseacha gearr, meán agus fadtéarmacha a bhunú in éineacht leis an Choimisinéir mar chuid de phróiseas a aontóidh Plean Straitéiseach Póilíneachta agus Plean Bliantúil Póilíneachta**
- **Cumhachtaithe le monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht chomh maith le bainistiú buiséid i gcomhair an Phleain Straitéisí aontaithe, an Phleain Bhliantúil Phóilíneachta agus táscaire ar bith eile**
- **Cumhachtaithe le moltaí a dhéanamh ar leithdháileadh acmhainní nó ar athrú polasaí don Aire, ar cheart dó aird cheart a thabhairt ar a leithéid seo de mholtaí**
- **Cumhachtaithe le cúrsaí a chur faoi bhráid an Ombudsman Garda nó an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste nuair is cuí**
- **Cumhachtaithe le fiosrú neamhspleách a chur ar bun i dtaca le hábhar ar bith a cheapann sé a bheith oiriúnach (cuirfidh an soláthar dá leithéid seo d’fhiosrú béim ar neamhspleáchas an Bhoird)**
- **In ann Tuairisc Bhliantúil a fhoilsiú**

Cuirimid fáilte roimh an chomhdhearcah atá ag teacht chun cinn maidir leis an riachtanas do mhaoirseacht neamhspleách shaoránach chun freagracht phóilíní a bhunú.

Ní dhéanfaidh moltaí an Aire maoirseacht neamhspleách shaoránach a sheachadadh áfach, agus ba chóir iad a athbhreithniú chun soláthar do Bhord neamhspleách saoránach Póilíneachta a chuimsiú.

Páirtíochtaí Póilíneachta Pobail

Molann Sinn Féin bunú de Pháirtíochtaí Póilíneachta Pobail ar bhonn reachtúil ar leibhéal Dúiche ar fud fad an Stáit chun trédhearcacht Gharda a mhéadú, comhoibriú agus muinín an phobail a chur chun cinn agus freagracht iomlán a fhágáil faoin Gharda.

Bheadh caidreamh na freagrachta idir an Ceannfort Dúiche agus na Páirtíochtaí Póilíneachta Pobail ar aon dul leis an chaidreamh idir an Coimisinéir agus an Bord Póilíneachta.

Ar an dóigh seo, bheadh ról idirchaidrimh ag an Pháirtíocht Phóilíneachta Pobail idir an Ceannasaí Dúiche agus an pobal áitiúil agus bheadh sí ina meicníocht d’fhreagracht agus chomhoibriú pobail dá réir.

Molann Sinn Féin go mbunódh gach údarás áitiúil Páirtíochtaí Póilíneachta Pobail, páirtíocht amháin an dúiche phóilíneachta, mar choistí na comhairle ar an bhunús seo a leanas:

- **Ba chóir go mbeadh ballraíocht na PPP tofa ag an údarás áitiúil.**
- **Ba chóir go mbeadh an próiseas ainmniúcháin trédhearcach agus bunaithe ar chritéir foilsithe.**
- **Mar atá leis an Bhord Póilíneachta, beidh an socrú deiridh mar seo a leanas: 1/3 ionadaí tofa (de bhunús traspháirtí), 1/3 ionadaí ó chomhlachtaí áitiúla stáit agus 1/3 ón earnáil áitiúil phobail agus dheonach - beidh 50% de mhná i ngach grúpa comhpháirteach - de gheall ar éagsúlacht agus ionadaíocht a mhéadú chun fíorchumadh phobal na dúiche a léiriú chomh cruinn agus is féidir.**
- **Ba chóir go mbeadh cruinnithe míosúla poiblí**

idir an PPP agus an Ceannfort Dúiche ina dtabharfadh sé/sí tuairiscí agus freagraí ar cheisteanna.

- **Ba chóir go mbeadh an deis ag baill na PPP tosaíochtaí agus buairimh an phobail a léiriú agus moltaí a dhéanamh dá réir.**
- **Ba chóir go mbeadh meicníocht ann le go mbeadh baill an phobail ábalta ceisteanna a chur ar an Ceannfort trí Chathaoirleach na PPP le linn na gcuinnithe poiblí.**
- **Ba chóir go gcuirfeadh an Ceannfort dearcaidh na PPP san áireamh agus é ag ceapadh nó ag cur i bhfeidhm straitéisí agus pleananna póilíneachta don dúiche.**

Ba chóir go mbeadh na PPP bunaithe ar na prionsabail seo a leanas:

- **Cur chuige comhpháirtíochta idir na póilíní agus an pobal**
- **Ní chóir go mbeadh cumhachtaí teoranta go neamhriachtanach**
- **Ba chóir go mbeadh ceapacháin chuig an PPP oscailte do chách gan idirdhealú**
- **Ba chóir go mbeadh sé de dhualgas dlíthiúil ag an PPP cruinniú go poiblí**
- **Ba chóir go gcuirfeadh an PPP fóram ar fáil le haghaidh comhairliúcháin phoiblí ar Phleananna Bliantúla Póilíneachta ar leibhéal dúiche**
- **Le trédhearcacht agus muinín an phobail a ardú, ba chóir go gcuirfeadh na Gardaí gach eolas a n-iarrfaí ar fáil le haghaidh mionscrúdaithe poiblí ach amháin má aontaíonn an PPP go bhfuil sé do leas an phobail (agus ní amháin do leas na bpóilíní) go gcoinneodh an t-eolas seo siar**
- **Ba chóir go mbeadh ar an Gharda míniú i ndiaidh an ghnímh a thabhairt ar a ngníomhartha**

Ba chóir go ndéanfadh gach PPP Tuairisc Bhliantúil a fhoilsiú a chuirfeadh moltaí san áireamh a dtabharfadh Coimisinéir na nGardaí aird cheart orthu i mbainistíocht oibríochtúil na seirbhíse. Ba chóir go dtabharfadh an tAire aird ar mholtaí na PPP ar cheapadh polasaí a mbeadh freagracht air as.

Cé gur céim fháilteach iad na Fóraim Áitiúla Phóilíneachta a cuireadh ar bun go pólótach i gceantair Bhaile Átha Cliath, ní sholáthraíonn siad an eiseamláir cheart d'fhreagracht phobail cionn is

nach bhfuil siad bunaithe ar chomhpháirtíocht. Ba chóir go ndéanfaí Páirtíochtaí Póilíneachta Pobail de na Fóraim reatha Phóilíneachta.

Léiríonn moltaí an Aire ar chomhoibriú méadaithe idir na húdaráis áitiúla agus an Garda feabhsú i gcúrsaí reatha ach ní dhéanann siad freastal ar na caighdeáin céanna trédhearcachta agus freagrachta pobail mar a dhéanann na Páirtíochtaí Póilíneachta Pobail molta. Iarrann Sinn Féin mar sin de ar an Aire a chuid moltaí do Choistí Áitiúla Póilíneachta a athbhreithniú agus a leasú (ag Ceannteideal 23).

Moltaí eile le haghaidh Leasaithe

Molann Sinn Féin go ndéanann an tAire machnamh agus cothú ar na míosúir bhreise seo a leanas atá riachtanach do leasú cuimsitheach Garda, do chosaint cheart daonna agus chirt agus d’athbhunú muinín an phobail as an Gharda.

Cosanta Breise Ceart Daonna

- **Ba chóir go gcuirfí stad láithreach le fístéipthaifeadadh sainordaitheach i ngach stáisiún Garda d’agallaimh amhrasán agus finné (tá an cheist seo le réiteach ó 1979 ar a laghad).**
- **Ba chóir go mbeadh an ceart rochtana ar dhlíodóir i stáisiún Gharda de réir sárchleachtaidh idirnáisiúnta (mar atá an Rialtas á “mhachnamh” ó 1993).**
- **Ba chóir go gcuirfeadh an Ombudsman Garda tús le himscrúdú ar na líomhaintí seanbhunaithe go ndearnadh téipthaifeadadh ar chruinnithe rúnda idir an cliant agus an dlíodóir sna stáisiún Gharda de ghnáth.**
- **Ba chóir go gcuimseodh an oiliúint mholta um chearta daonna don Gharda oiliúint fhrith-idirdhealaithe freisin agus oiliúint ar chaighdeán idirnáisiúnta; ba chóir a leithéid seo d’oiliúint a fhorbairt i gcomhairle leis an Ombudsman, le Coimisiún na hÉireann um Chearta Daonna agus leis an Údarás Comhionannais.**

Athbhreithniú Eagrúcháin agus Nuálaíocht

Oibríochtúil

- **Ba chóir go gcuimseodh reachtaíocht leasaithe**

athbhreithniú cuimsitheach d’úsáid acmhainní, trealamh, oiliúint agus gnáthamh (mar aon leis an Chód Araíonachta) chun póilíneacht shárchleachtaidh a chinntiú agus chun próiseas nuachóiriúcháin a chur i gcrích; bheadh gné de chomhairliúchán poiblí ag a leithéid seo d’athbhreithniú chun tréadhearcacht agus muinín an phobail a mhéadú.

- **Ba chóir go mbeadh athbhreithniú aonair ar chleachtaidh earcaíochta agus ardú céime de gheall ar ionadaíocht na seirbhíse a mhéadú agus comhionannas inscne a chur chun cinn.**
- **Ba chóir go ndéanfadh an Bord Póilíneachta, an tAire agus an Coimisinéir machnamh ar roghanna do shibhialtacht na bpost cuí riaracháin Gharda.**
- **Ba chóir go dtógfaí roinnt dualgas statach de Ghardaí atá lán-oiliúna agus go dtabharfaí isteach cór tráchta ar leith faoi mhaoirseacht an Gharda. Níor chruthaigh ná níor chuir an Rialtas cás i láthair le haghaidh Fórsa Cúltaca Garda. Ina theannta sin, ní chóir go ndéanfaí machnamh ar fhórsa cúltaca mar mhalartú ar bhaint fhiúntach áitiúil i gcinnteoireacht agus i bhfreagracht. Ba chóir go mbainfí an soláthair cumasúcháin (Ceannteideal 32-33) de mholtaí an Rialtais. Is iad na Páirtíochtaí Póilíneachta Pobail atá molta ag Sinn Féin an mheicníocht is oiriúnaí agus is éifeachtaí le haghaidh comhoibrithe pobail.**
- **Ar phrionsabal ginearálta, ní chóir go ndéanfaí foinsiú allamuigh ná príobháidiú ar sheirbhísí póilíneachta chuig comhlachtaí príobháideacha. Ba chóir go mbeadh sé soiléir de réir an dlí nach bhfuil an t-údarás ag an Choimisinéir ná**

ag an Aire seirbhísí póilíneachta a phríobháidiú.

- Ba chóir go n-athdhearbhódh an tAire go poiblí nach mbeidh na Gardaí, i ngnáthchleachtadh, trealmhaithe le hairm tine mar atá faoi láthair.
- Ba chóir go bhfoilseodh an tAire tuairisc an Ghrúpa Athbhreithnithe Garda ar roghanna eile ar airm tine a chuireann san áireamh úsáid arm atá “níos lú ná marfach” ag na gardaí.
- Ba chóir go dtabharfaí isteach anailís phatrúin choireachta agus ghearán chun cur chuige faisnéis-threortha agus fadhb-réiteach i dtaca le póilíneacht a ndéanfadh freastal ar chúiseanna chomh maith le hiarmhairtí.
- Ba chóir go ndéanfaí staitisticí coireachta a bhailiú, a anailísiú agus a chur ar fáil ar leibhéal stáisiún agus dúiche, ní ar leibhéal réigiúnach ná roinne amháin.
- Ní chóir go gcuirfeadh Gardaí chun bealaigh ó mhisin idirnáisiúnta ach amháin mar chuid d’Fhórsa Idirnáisiúnta na Náisiún Aontaithe (fórsa a bunaíodh ag na Náisiún Aontaithe atá faoi cheannas air). Ní chóir go gcuirfí na Gardaí ar mhisin phóilíneachta na Náisiún Aontaithe. Ba chóir go gcuirfí urchosc follasach ar an Gharda Síochána i dtaca le comhoibriú le fórsaí eile póilíneachta stáit a bhaineann mí-úsáid shistéamach as cearta daonna. Ba chóir seo a léiriú san athbhreithniú ar dhréacht-sholáthar an Aire (Ceannteideal 8).

Gharda agus ó fhiosrúcháin eile inmheánacha.

- Ba chóir go scaipfí Aonad na mBleachtairí Speisialta (An Brainse Speisialta) agus nach mbainfí úsáid as na n-oifigigh go dtí go gcomhlíonann siad dian-uas-scileáil ar chearta daonna. Tá an “fórsa seo laistigh d’fhórsa” i gceannas ar eiteos agus struchtúr bainistíochta an Gharda le blianta anuas. Ag baint úsáid as Acht Draganta um Chionta i gcoinne an Stáit, sháraigh sé cearta sibhialta agus d’atreoraigh sé am agus acmhainní póilíneachta ó sheirbhís cheart don phobal. Ba chóir go scaipfí é mar chuid d’atheagrú ginearálta struchtúr an Gharda agus aird ar leith a thabhairt do dhul i ngleic le coireanna drugaí.
- Ba chóir go ndéanfaidh an Ombudsman Garda athbhreithniú ar fheidhmíocht an Aonaid Phráinnfhreagartha go dtí seo agus go gcuirfí conclúid agus moltaí ar fáil go poiblí.
- Ba chóir go ndéanfaí próiseáil inimirce a dhíchúpláil ón Gharda cionn is nach coireanna iad inimirce ná tearmann ó ghéarleanúint a lorg. Ba chóir go ndéileálfadh Biúró Náisiúnta Inimirce an Gharda Síochána le gnáthaimh bainteacha um réiteach slándála agus le himscrúduithe ar sháraithe an dlí amháin.
- Ba chóir go mbunófaí meicníocht shoiléir de phrofú ceart daonna faoin Choimisiún um Chearta Daonna chun reachtaíocht thodhchaí a bhronnann cumhachtaí ar Gardaí a mhionscrúdú agus moltaí le haghaidh athruithe a thabhairt chun cinn.

Ag Ceartú Éagóirí a bhí agus Ag Tosú as an Nua

- Ba chóir go bhfoilseodh an tAire na tuairiscí ó iar-fhiosrúcháin de chuid Bord Gearán an



Building an Ireland of Equals

Ard Fheis 2004

*Sinn Féin is organised into local cumainn, or branches, throughout Ireland.
To find out about your local cumann, contact:*

**Sinn Féin,
53 Falls Road,
Belfast.**

Tel: 02890 223000 · Fax: 02890 223001

or:

**Sinn Féin,
44 Parnell Square,
Dublin 1.**

Tel: (+353-1) 8726100 / (+353-1) 8726839 · Fax (+353-1) 8733074

**SAOIRSE, CEART,
AGUS SÍOCHÁIN**

www.sinnfein.ie